Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2021
(OR. en)

9620/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0320(COD)**

**SAN 384**
**PHARM 120**
**COVID-19 255**
**PROCIV 69**
**CODEC 860**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an ábhar thuasluaite, atá le tíolacadh ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (Sláinte) an 15 Meitheamh, d'fhonn a iarraidh ar an gComhairle í a tabhairt dá haire.

Rinneadh an tuarascáil seo a tharraingt suas faoi fhreagracht na hUachtaránachta agus tá sí gan dochar do phointí áirithe leasa agus d'aighneachtaí breise na dtoscaireachtaí ar leith iad féin. Leagtar amach sa tuarascáil an obair a rinneadh go dtí seo i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus tugtar cuntas inti maidir le staid na himeartha agus scrúdú á dhéanamh ar an togra thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Faisnéis ón Uachtaránacht maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar an Togra le haghaidh Rialachán maidir le sainordú an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)**

**Cúlra**

1. An 11 Samhain 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú[1]. Is cuid é de shraith de thrí thogra darb aidhm creat slándála sláinte an Aontais a neartú agus an ról ullmhachta agus freagartha a bhíonn ag príomhghníomhaireachtaí an Aontais tráth géarchéime a threisiú. Le chéile, is iad an chéad bhloc tógála don Aontas Sláinte Eorpach.
   Tá an togra bunaithe ar Airteagal 168(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an gnáthnós imeachta reachtach, vótáil trí thromlach cáilithe).

2. Is é is aidhm don togra inniúlachtaí ECDC a threisiú chun galair theagmhálacha a chosc agus a rialú agus measúnú riosca d'fhonn dul i ngleic le bagairtí sláinte trasteorann amach anseo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: a chomhar leis na Ballstáit a neartú; digitiú tapa na gcóras comhtháite faireachais; an cumas chun rudaí a aithint roimh ré agus a réamhaisnéisiú a neartú; pleananna coiscthe agus freagartha a fhorbairt in aghaidh eipidéimí amach anseo agus inniúlachtaí níos láidre i gcomhair freagairt thapa chomhtháite ar eipidéimí agus ráigeanna; a inniúlachtaí a neartú chun moltaí neamhcheangailteacha a sholáthar don bhainistíocht riosca; a inniúlachtaí a fhorbairt chun Tascfhórsa Sláinte an Aontais a shlógadh agus a imscaradh le haghaidh idirghabháil thapa chun cabhrú leis an bhfreagairt sna Ballstáit; feabhas a chur ar fhaireachán agus measúnú ar chumas na gcóras náisiúnta sláinte chun galair theagmhálacha shonracha a dhiagnóisiú, a chosc agus a chóireáil, chomh maith le sábháilteacht na n-othar; líonra nua saotharlann tagartha do shláinte phoiblí Aontais agus líonra nua seirbhísí náisiúnta a thacaíonn le haistriú, trasphlandú agus atáirgeadh daonna le cuidiú míochaine a chruthú; a chomhoibriú le tríú tíortha agus a chomhar le EDS a neartú; agus comhlántacht a áirithiú le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus le hionstraimí idirnáisiúnta eile, agus dúbláil iarrachtaí á seachaint ar an gcaoi sin.

[1] 8531/21

3. An 27 Aibreán, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra[2]. An 7 Bealtaine, ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim maidir leis an togra freisin[3].

4. Thíolaic Seanad na Fraince tuairim réasúnaithe, lenar cuireadh ábhair imní maidir le coimhdeacht in iúl. Thíolaic Parlaimintí na hIodáile, na Portaingéile agus na Spáinne measúnuithe dearfacha ar an togra. Thíolaic Seanad na Seice rún maidir leis na trí thogra i bPacáiste an Aontais Sláinte Eorpaigh inar ardaíodh roinnt ceisteanna, cé gur tacaíodh le gnéithe áirithe de na tograí.

5. D'eagraigh Uachtaránacht na Gearmáine ceithre chruinniú fhíorúla de chomhaltaí na Meithle um Chógaisíocht agus um Fheistí Leighis, a bhí dírithe ar an togra a chur i láthair agus a scrúdú.

6. Ag Parlaimint na hEorpa, tá an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) freagrach as an gcomhad agus ceapadh FPE Joanna Kopcińska (ECR, PL) mar Rapóirtéir. Cuireadh dréacht-tuarascáil i láthair an 23 Márta 2021 agus cuireadh leasuithe breise ar an togra síos an 13 Aibreán 2021. Táthar ag súil go vótálfaidh Coiste ENVI ar an gcomhad le linn an chruinnithe a bheidh aige i mí an Mheithimh.

**Dul chun cinn le linn Uachtaránacht na Portaingéile**

7. Le linn Uachtaránacht na Portaingéile, tionóladh ocht gcruinniú fhíorúla de chomhaltaí na Meithle um Chógaisíocht agus um Fheistí Leighis. Rinneadh plé mionsonraithe ar roinnt ábhar, cuid acu i ndáil le tograí eile i bPacáiste an Aontais Sláinte, chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú idir na tograí: an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha; úsáid sonraí; an líonra nua do shubstaintí de bhunús daonna; an t-ardán nua um fhaireachán vacsaíní; Tascfhórsa Sláinte an Aontais Eorpaigh, agus go bhféadfaí oifigigh idirchaidrimh a chuimsiú; faireachán agus measúnú ar inniúlachtaí na gcóras náisiúnta sláinte - agus tugadh an chéad scrúdú ar an togra i gcrích. Bunaithe ar an bplé a rinneadh sa Mheitheal agus ar bharúlacha i scríbhinn ó na toscaireachtaí, chuir an Uachtaránacht téacs athbhreithnithe síos i mí na Bealtaine, a scrúdaíodh in dhá chruinniú fhíorúla ar an leibhéal teicniúil.

[2] 8384/21
[3] 8965/21

8. Shoiléirigh an Uachtaránacht brí an téarma 'faireachán' trí shainmhíniú a áireamh sa togra, agus rinne sí modhnú ar an téacs maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí na gcóras sláinte chun a áirithiú go ndéanfadh ECDC agus na Ballstáit an cúram i gcomhar le chéile. Maidir le moltaí a bheith á soláthar ag ECDC don bhainistíocht riosca, chuir an Uachtaránacht foclaíocht isteach chun a shoiléiriú go bhfuil na moltaí sin neamhcheangailteach agus bunaithe ar fhianaise eolaíoch. Rinne an Uachtaránacht modhnú freisin ar an bhfoclaíocht a bhaineann le hiniúchadh phleanáil na hullmhachta agus na freagartha, chun an ról tacaíochta atá ag ECDC maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar phleananna na mBallstát a chur in iúl ar bhealach níos soiléire. Mhol an Uachtaránacht go leathnófaí cúraimí Thascfhórsa Sláinte an Aontais chun coinneáil eolais tíre agus soláthar moltaí maidir le hullmhacht agus athbhreithnithe iar-ghníomhaíochta a chuimsiú agus mhol sí go gcinnfí struchtúr an Tascfhórsa trí ghníomh cur chun feidhme.

9. Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na dtoscaireachtaí an téacs athbhreithnithe ón Uachtaránacht i gcoitinne. Thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an téacs modhnaithe ón Uachtaránacht maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí na gcóras sláinte, cé gur iarr cuid acu go gcoinneofaí an fhoclaíocht tosaigh sa togra. D'iarr roinnt toscaireachtaí nach ndéanfaí struchtúr Thascfhórsa Sláinte na hEorpa a shainiú i ngníomh cur chun feidhme, ach sa Rialachán ina ionad sin; d'iarr roinnt Ballstát go n-áireofaí oifigigh idirchaidrimh i struchtúr an Tascfhórsa seo, ach chuir roinnt eile acu imní in iúl maidir le Tascfhórsa buan. D'iarr roinnt toscaireachtaí go gcuirfí isteach airteagal sonrach a bheadh dírithe ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le cosaint sonraí (EUDPR). Rinne roinnt toscaireachtaí iarrataí an athuair a rinneadh freisin sa togra bunaidh gur cheart go sonrófaí sa téacs athbhreithnithe nár cheart do ECDC cumarsáid a dhéanamh go díreach leis an bpobal i gcoitinne maidir le saincheisteanna áirithe, ach gur cheart an méid sin a chinneadh i gcomhar leis na Ballstáit. D'iarr roinnt toscaireachtaí go gcuirfí in iúl ar bhealach níos sainráite sa téacs go bhfuil moltaí ó ECDC neamhcheangailteach.

10. Le linn an scrúdaithe a rinneadh ar an téacs athbhreithnithe ar an leibhéal teicniúil, rinneadh plé mionsonraithe breise ar na saincheisteanna a bhaineann le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí na gcóras náisiúnta sláinte, le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, agus le cistiú ECDC a bhaineann le hinniúlachtaí nua, eadhon struchtúr Thascfhórsa Sláinte na hEorpa sa todhchaí. Léirigh roinnt toscaireachtaí an athuair go dtacaíonn siad leis an téacs modhnaithe ón Uachtaránacht maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí na gcóras sláinte, cé gur iarr cuid acu an athuair go gcoinneofaí an fhoclaíocht tosaigh sa togra. Tar éis soiléirithe a fháil faoin gcumarsáid ECDC leis an bpobal, níor chuir na toscaireachtaí i gcoinne an téacs arís.

11. Bunaithe ar an bplé a rinneadh sa Mheitheal chomh maith le barúlacha i scríbhinn ó na toscaireachtaí maidir leis an gcéad téacs athbhreithnithe, tá an Uachtaránacht chun an dara téacs athbhreithnithe a chur síos, a mbeidh tuilleadh plé le déanamh ina leith ar an leibhéal teicniúil faoi Uachtaránacht na Slóivéine a bheidh ann amach anseo.

**Conclúidí**

12. Measann an Uachtaránacht go léirítear sa téacs athbhreithnithe, ar ghlac na toscaireachtaí go maith leis, na seasaimh a chuir na toscaireachtaí in iúl ar an leibhéal teicniúil agus gur bonn maith é don phlé leanúnach.

13. Creideann an Uachtaránacht go mbeadh gá le tuilleadh plé ar an leibhéal teicniúil, go háirithe maidir le struchtúr Thascfhórsa Sláinte an Aontais mar aon le cúraimí faireacháin agus measúnaithe ECDC atá beartaithe.